**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG Cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair na codanna (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is é an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Tomhaistear teocht:

(a) i gcéimeanna ☐ (b) i gcililítir ☐

(c) i méadair ☐ (d) i gcileagraim ☐ (1)

***2.*** Tomhaistear aerbhrú:

(a) i méadair ☐ (b) i ngiúil ☐

(c) i gcéimeanna ☐ (d) i milleabair ☐ (1)

***3.*** Ba iad na Lochlannaigh na chéad daoine in Éirinn a bhunaigh:

(a) comharchumainn ☐ (b) ceardchumainn ☐

(c) bailte ☐ (d) mainistreacha ☐ (1)

***4.*** Bhí otharlann i mainistir cosúil le:

(a) leabharlann ☐ (b) bialann ☐

(c) eaglais ☐ (d) ospidéal ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do Stáisiún Gardaí ná:

(a) triantán dearg ☐ (b) réalta ghorm ☐

(c) ciorcal le cearnóg thart air ☐ (d) an litir mhór 'H' ☐ (1)

***6.*** Ó 2007, is é an líon ballstát san Aontas Eorpach ná:

(a) 16 ☐ (b) 50 ☐

(c) 27 ☐ (d) 12 ☐ (1)

***7.*** Is éard a chuireann comhrianta in iúl ar léarscáil ná:

(a) abhainn ☐ (b) cosáin ☐

(c) airde os cionn leibhéal na farraige ☐ (d) teocht ☐ (1)

***8.*** Is ionaid iad páirceanna, linnte snámha agus cúrsaí gailf:

(a) don chaitheamh aimsire ☐ (b) don tionsclaíocht ☐

(c) don airgeadas ☐ (d) don oideachas ☐ (1)



**9.** Spreagann an tsiombail seo daoine chun:

(a) páipéar a fhilleadh ☐ (b) athchúrsáil a dhéanamh ☐

(c) iompú timpeall ☐ (d) olann a úsáid ☐ (1)

***10.*** Is é a tugadh ar an gcuid láidir lárnach de chaisleán ná:

(a) daingean ☐ (b) cistin ☐

(c) túirín ☐ (d) forbhalla ☐ (1)

***11.*** Is é a tugadh ar na daoine a rinne ionradh ar Éirinn in 1169 ná:

(a) Lochlannaigh ☐ (b) Ceiltigh ☐

(c) Normannaigh ☐ (d) Sacsanaigh ☐ (1)

***12.*** Is é is mó a bhíonn i limistéar cónaithe ná:

(a) monarchana ☐ (b) tithe ☐

(c) stáisiúin chumhachta ☐ (d) feirmeacha ☐ (1)

***13.*** Cén tír inar cuireadh tús leis an Réabhlóid Thionsclaíoch?

(a) Éire ☐ (b) an Fhrainc ☐

(c) an Bhreatain ☐ (d) Stáit Aontaithe Mheiriceá ☐ (1)

***14.*** Sampla d'acmhainn <u>inathnuaite</u> ná:

(a) an ghaoth ☐ (b) gás ☐

(c) ola ☐ (d) gual ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Nósanna adhlactha
**NÓ**
(b) Éadaí
**NÓ**
(c) Tithe
**NÓ**
(d) Saol mná ag an am sin

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fuithi ná: ______________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(6)

**(C) NA LOCHLANNAIGH <u>NÓ</u> NA CEILTIGH** **(6 mharc)**

Beidh mo fhreagra faoi na ______________________________________________

*1.* Taobh amuigh d'Éirinn, ainmnigh **DHÁ** thír ar thaistil na daoine seo chucu.

______________________________ agus ______________________________ (2)

*2.* Scríobh faoi na hairm a d'úsáideadh na daoine seo **NÓ** faoi na héadaí a chaithidís.

Is féidir leat sceitse a úsáid thíos má cheapann tú go gcabhróidh sé le do fhreagra.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (4)

**CEIST 2**
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B).**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Déan staidéar ar an suirbhé thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

## Tuarascáil – Suirbhé 1613

**Tá plandáil déanta ag an Iarla Abercorn, a dhéanann gealladh ar son sciartha an tSratha Bháin, Donnalong agus Skean, [4500 acra san iomlán] ar na sciartha sin agus beagnach céad sealbhóir tí lena gcuid eallaigh lonnaithe aige iontu. Tá a bhformhór armáilte go maith. Tá teach mór ceann tuí tógtha aige thart ar chúirt chearnógach sa Srath Bán chun go gcónódh sé féin ann.**

**Níl ach 8 nó 9 de thionóntaí ag George Hamilton (Neamhchónaitheach) ar a sciar féin [1000 acra], seachas sin níl dada déanta aige.**

**SIR JOSIAS BODLEY**

*1.* Cathain a rinneadh an suirbhé? ________________________________________ (1)

*2.* Cén jab a bhí ag an Iarla Abercorn? ________________________________________ (1)

*3.* Ainmnigh **DHÁ** limistéar a phlandáil an t-Iarla Abercorn.

**a.** ______________________ **b.** ______________________ (2)

*4.* Cá mhéad sealbhóir tí a lonnaigh Iarla Abercorn ar a chuid sciartha féin?

________________________________________ (1)

*5.* Ainmnigh **DHÁ** chineál bia a d'fhéadfadh na lonnaitheoirí a tháirgeadh.

**a.** ______________________ **b.** ______________________ (2)

*6.* Cén fáth a raibh na lonnaitheoirí armáilte? ________________________________________

________________________________________

________________________________________ (2)

*7.* Cén cineál tí a thóg an t-Iarla Abercorn sa Srath Bán?

______________________________ (2)

*8.* Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise a thaispeánann nár éirigh le George Hamilton mar ghealltóir.

**a.** ______________________________

**b**. ______________________________ (2)

*9.* Cén t-ainm a bhí ar an bhfear a rinne an suirbhé?

______________________________ (1)

*10.* Ainmnigh **DHÁ** arm a bhí in úsáid ag an am.

**a.** ______________ **b.** ______________ (2)

*11*. Tabhair fáth **AMHÁIN** a raibh tábhacht ag baint le gealltóirí chun go mbeadh rath ar Phlandáil Uladh.

______________________________

______________________________ (2)

*12.* Scríobh alt faoi **CHEANN** amháin díobh seo a leanas:

**(a)** Na fáthanna a bhí le Plandáil Uladh.

**(b)** Saol plandóra de chuid Plandáil Uladh.

**(c)** Comhlachtaí Londan.

______________________________ (6)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20Ú HAOIS (24 marc)**

**Léigh 'Scéal Fabio agus Maria Barras' thíos agus freagair na ceisteanna a leannan é.**

**Scéal Fabio agus Maria Barras**

Feirmeoirí beaga in Para in oirthuaisceart na Brasaíle ba ea Fabio agus Maria Barras. D'fhás siad pónairí soighe, pónairí dearga, rís, arbhar agus caife san áit sin. D'fhás siad dóthain chun an teaghlach a chothú agus a choinneáil sláintiúil. I 1976, áfach, bhuail an mí-ádh iad.

Tháinig úinéir mór talún isteach agus ghlac sé seilbh ar a gcuid talún le cabhair ó na póilíní. Tháinig buíon fear armáilte agus ní dhearna siad ach Fabio agus a theaghlach a dhíbirt as an talamh ar leo ó cheart é. Tharla an rud céanna d'fheirmeoirí beaga eile. Ní raibh dada a d'fhéadfadh aon duine díobh a dhéanamh agus mar sin bhí orthu imeacht.

Thug Fabio agus Maria a gclann chuig cathair Sao Paulo. Cheap Fabio go bhfaigheadh sé obair i gceann de na monarchana móra, ach an chéad fhadhb a bhí ann ná áit chónaithe a fháil. Chuaigh siad chuig an favela nó an baile do bhochtáin darb ainm Vila Prudente. San áit sin, tháinig siad ar spás beag bídeach folamh idir dhá theach. Is anseo a thóg siad teach dóibh féin as adhmad ó chásanna pacála.

Ní raibh príobháideacht, uisce reatha ná solas leictreach acu. Bhí séaraigh oscailte ann. Bhí na páistí i gcónaí tinn. B'fhuath le Maria an áit. Bhí a fhios ag Fabio go gcaithfeadh sé roinnt oiliúna a fháil dá mba mhian leis post a bheith aige.

Thosaigh sé ag foghlaim a cheirde mar fheisteoir. Go gairid tar éis dó cáiliú, fuair sé post i monarcha, ach bhí an pá agus na dálaí oibre an-dona. Bheartaigh Fabio ar thriail a bhaint as an mbríceadóireacht. Nuair a chríochnaíodh sé a chuid oibre sa mhonarcha ar an Aoine, chaitheadh sé an deireadh seachtaine ag bríceadóireacht. Shaothraíodh sé níos mó airgid thar an deireadh seachtaine ná mar a shaothraigh sé don tseachtain ar fad sa mhonarcha. Bheartaigh Fabio a bheith féinfhostaithe.

***1.*** Cá raibh feirm bheag Fabio agus Maria? ______________________ (1)

***2.*** An raibh a bpáistí sláintiúil agus cothaithe go maith sular bhog siad? Bhí ☐ Ní raibh ☐ (1)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** bharr a chuireadh Fabio agus Maria ag fás.

______________________ agus ______________________ (2)

***4.*** Ainmnigh **DHÁ** ghrúpa a chabhraigh chun clann Barras a dhíbirt as a gcuid talún.

______________________ agus ______________________ (2)

***5.*** Cad é an **CHÉAD** fhadhb a bhí ag Fabio agus Maria nuair a shroich siad Sao Paulo?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***6.*** Cá bhfuair an chlann áit chónaithe?

______________________________________________ (2)

*7.* Cén fáth a raibh fuath ag Maria do Vila Prudente? ____________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*8.* Tabhair **DHÁ** chúis a mbíodh na páistí i gcónaí tinn.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*9.* Tabhair **DHÁ** bhealach ar chuir Fabio feabhas ar a shaol.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ (4)

*10.* Cad a d'fhéadfadh rialtas na Brasaíle a dhéanamh chun cabhrú le feirmeoirí beaga mar Fabio agus Maria?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

**Déan staidéar ar an bhfótagraf de Sao Paulo thíos agus ansin freagair an cheist ina dhiaidh:**



*11.* Conas tá na foirgnimh atá chun tosaigh san fhótagraf difriúil leis na foirgnimh sin sa lár? Is féidir leat airde na bhfoirgneamh, ábhair tógála agus an úsáid a bhaintear astu a lua.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)


**CEIST 3**
**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (b) nó C**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**




**Ionaclaíonn Edward Jenner páiste**



**Florence Nightingale**



**Bealaí nua chun bóithre a thógáil**



**Ceann de na chéad traenacha le carráistí do phaisinéirí**

Bain úsáid as na pictiúir agus na léaráidí ar an leathanach thall agus scríobh oiread agus is féidir leat faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

Na feabhsúcháin i gcúrsaí Iompair san 18ú agus sa 19ú haois.

Na feabhsúcháin i gcúrsaí Leighis san 18ú agus sa 19ú haois.

Scríobhfaidh mé faoi na Feabhsúcháin i gcúrsaí

(6)

Déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** a ndearna athruithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch saol daoine níos fearr.

(3)

Déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** a ndearna athruithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch saol daoine níos measa.

(3)

**FREAGAIR CUID (B) <u>NÓ</u> CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**






Ba dhochtúir óg Éireannach é an captaen Louis McKeever a chuaigh isteach in Arm na Breataine i mí Feabhra 1915.

Maraíodh é i 1917 agus é ag iarraidh cabhrú le fir ghonta le linn catha agus bronnadh bonn na Croise Míleata air as ucht a chuid crógachta.

Freagair na ceisteanna thíos.

*1.* Cén dáta ar bhásaigh an Captaen McKeever?

________________________________________ (2)

*2.* Cén fáth a ndeachaigh an-chuid Éireannach isteach in arm na Breataine chun troid sa Chéad Chogadh Domhanda?

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

*3.* Scríobh faoi **DHÁ** chineál arm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________


________________________________________


________________________________________ (6)


**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Le linn an Dara Cogadh Domhanda, bhí bia, éadaí agus ábhair eile gann. D'eisigh rialtais na Stát Aontaithe agus na Breataine póstaeir chun a chur ina luí ar dhaoine nár chóir dóibh rudaí a chur amú.**




***1.*** Cé acu póstaer is éifeachtaí, dar leat, agus cén fáth?

______________________________

______________________________

______________________________ (2)

***2.*** Cad a chiallaíonn 'níos lú solais – níos mó eitleán'?

______________________________

______________________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi **CHEANN** amháin díobh seo a leanas:

(a) Aslonnú (b) Arm na Talún (c) An Blitz

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (6)

**CEIST 4**
**24 marc**

**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B).**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA – BÁSMHAIREACHT NAÍONÁN (12 mharc)**


**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**



*Íomhá: Suat Eman / FreeDigitalPhotos.net*

| Tír | Babaithe nár mhair go raibh a gcéad bhreithlá sroichte acu (as gach 1000 a rugadh) in 2008 |
|---|---|
| An Ghearmáin | 4 |
| An Astráil | 4 |
| Éire | 4 |
| Ceanada | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 5 |
| Na Stáit Aontaithe | 7 |

***Dá ísle an figiúr, is ea is lú an líon babaithe a bhásaíonn.***




*1.* Ag úsáid an eolais, ainmnigh **DHÁ** thír a bhfuil ráta báis naíonán níos airde iontu ná mar atá in Éirinn.

_______________________________________________ **(4)**

*2.* Mol **DHÁ** chúis a bhfuil básmhaireacht naíonán tite go mór in Éirinn ó 1960.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ **(4)**

*3.* Mol **DHÁ** chúis a bhfaigheann roinnt babaithe i dtíortha forbartha bás sula mbíonn siad bliain d'aois.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ **(4)**

**(B) AN DOMHAN FORBARTHA – BÁSMHAIREACHT NAÍONÁN** **(12 mharc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna ar fad thíos.**



Fótagraf le Teseum (Flickr)/Creative Commons

| Tír | Babaithe nár mhair go raibh a gcéad bhreithlá sroichte acu (as gach 1000 a rugadh) in 2008 |
|---|---|
| An Bhanglaidéis | 41 |
| Háítí | 64 |
| An tSaimbia | 86 |
| An tSomáil | 109 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 112 |
| An Afganastáin | 134 |

***Dá airde an figiúr, is ea is mó páistí a bhásaíonn.***

*1.* Ag úsáid an eolais, ainmnigh **DHÁ** thír a bhfuil ráta báis naíonán níos airde iontu ná mar atá sa tSaimbia.

_______________________ agus _______________________ (4)

*2.* Cén fáth, dar leat, a bhfuil ráta báis naíonán chomh hard sin ag an Afganastáin?

_______________________________________________ (4)

*3.* Is féidir le básmhaireacht naíonán a bheith ard i dtíortha ina bhfuil sé deacair bia a fháil. Scríobh faoi **DHÁ** thoisc eile arbh fhéidir gurb iad is cúis go bhfaigheann níos mó babaithe bás sula mbíonn an chéad bhreithlá bainte amach acu.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ **(4)**

**CEIST 5**
**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis 1: 50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Charraig na Siúire agus an ceantar ina thimpeall.

*1.* Ainmnigh **DHÁ** Bhóthar Réigiúnach a thaispeántar ar an léarscáil

____________________ agus ____________________ (4)

*2.* Ainmnigh **DHÁ** mhodh iompair a d'fhéadfá a úsáid chun taisteal go Carraig na Siúire

**a.** D'fhéadfainn taisteal go Carraig na Siúire ar____________________.

Tuigim é sin mar, ar an léarscáil, is féidir liom

________________________________________a fheiceáil

**b.** D'fhéadfainn taisteal go Carraig na Siúire ar ____________________

Tuigim é sin mar, ar an léarscáil, is féidir liom

________________________________________a fheiceáil (4)

*3.* Agus tú ag úsáid na léarscáile, ainmnigh **DHÁ** abhainn sa cheantar.

____________________ agus ____________________(4)

*4.* Agus tú ag féachaint ar an bhfótagraf, cén fhianaise atá ann gur baile é Carraig na Siúire ar tháinig forás air le déanaí?

________________________________________

________________________________________

________________________________________(4)

*5.* Cén ghné a fhaightear ag S 373 265?

________________________________________(4)

**6.** Tá turasóir a bhfuil suim aige nó aici sa **stair agus sa tsiúlóid** ar cuairt i gCarraig na Siúire. Agus tú ag úsáid na léarscáile agus an fhótagraif, cad iad na gníomhaíochtaí a mholfá dóibh a dhéanamh sa cheantar?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)